Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2016
(OR. en)

7921/16

**Comhad Idirinstitiúideach:
2012/0010 (COD)**

VOTE 19
INF 62
PUBLIC 21
CODEC 451

**NÓTA**

Ábhar:

- Toradh na vótála
- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle

– Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh agus ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh

– Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche ar an 8 Aibreán 2016

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite i gceangal leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

5418/16

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 06.04.2016

Aon ráitis agus/nó aon mhíniúcháin a rinneadh maidir leis an vótáil, tá siad i gceangal leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2012/0010 (COD)** (Document: **5418/16**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Directive of the European Parliament and of the Council on the protection of natural persons with regard to the processing of personal data by competent authorities for the purposes of the prevention, investigation, detection or prosecution of criminal offences or the execution of criminal penalties, and on the free movement of such data, and repealing Council Framework Decision 2008/977/JHA |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 98,31% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 1 | | 1,69% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 28 | | |

Sitting date: **08/04/2016**

Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,21 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,42 | Yes |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,05 | Yes |
| **DANMARK** | 1,11 | Yes |
| **DEUTSCHLAND** | 15,93 | Yes |
| **EESTI** | 0,26 | Yes |
| **ÉIRE/IRELAND** | 0,91 | Yes |
| **ΕΛΛΆΔΑ** | 2,13 | Yes |
| **ESPAÑA** | 9,12 | Yes |
| **FRANCE** | 13,04 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,83 | Yes |
| **ITALIA** | 12,07 | Yes |
| **ΚΎΠΡΟΣ** | 0,17 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,39 | Yes |
| **LIETUVA** | 0,57 | Yes |
| **LUXEMBOURG** | 0,11 | Yes |
| **MAGYARORSZÁG** | 1,94 | Yes |
| **MALTA** | 0,08 | Yes |
| **NEDERLAND** | 3,37 | Yes |
| **ÖSTERREICH** | 1,69 | Abstain |
| **POLSKA** | 7,47 | Yes |
| **PORTUGAL** | 2,04 | Yes |
| **ROMÂNIA** | 3,90 | Yes |
| **SLOVENIJA** | 0,41 | Yes |
| **SLOVENSKO** | 1,06 | Yes |
| **SUOMI/FINLAND** | 1,08 | Yes |
| **SVERIGE** | 1,92 | Yes |
| **UNITED KINGDOM** | 12,73 | Yes |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (16 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN 2**

RÁITIS

## Ráiteas ó Phoblacht na Seice

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice gur glacadh seasamh na Comhairle agus gur tugadh an chaibidlíocht chun críche. Thacaigh Poblacht na Seice leis an gcaibidlíocht ar bhealach gníomhach, cuiditheach agus is mór aici gur réitíodh cuid mhór de na hábhair imní, amhail an gaol leis na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus gur aithníodh go bhfuil nasc láidir idir an choiriúlacht a chomhrac agus an tslándáil phoiblí a chosaint agus nach minic a bhféadfaí an dá ní sin a scaradh óna chéile sna gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag údaráis forfheidhmithe dlí.

Mar sin féin, tá Poblacht na Seice fós fíorimníoch faoi shaincheisteanna áirithe.

Ar an gcéad dul síos, creideann Poblacht na Seice nach bhfuil prionsabal na coimhdeachta mar a shainítear in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Phrótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm á chomhlíonadh ina iomláine má dhéanann údaráis inniúla rialáil ar an Treoir maidir le próiseáil náisiúnta sonraí pearsanta, gan gné thrasteorann a bheith i gceist, i réimse fhorfheidhmithe an dlí agus an cheartais choiriúil. Níos cruinne fós, is é an tuairim atá againn gurb iad na Ballstáit is fearr a bheidh in ann rialáil a dhéanamh ar phróiseáil náisiúnta sonraí pearsanta i réimse fhorfheidhmithe an dlí agus an cheartais choiriúil, agus sonraíochtaí náisiúnta agus rialacha náisiúnta maidir le forfheidhmiú an dlí agus nósanna coiriúla atá mar bhonn le próiseáil na sonraí pearsanta á gcur san áireamh.

Ar an dara dul síos, is oth le Poblacht na Seice nár éirigh leis an gCoimisiún na rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí a aisghairm i gcás cuid mhór ionstraimí sonracha maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla nó maidir leis an gcomhar póilíneachta. Beidh sé níos deacra an treoir nua agus ionstraimí áirithe eile a úsáid sa chleachtas mar gheall ar an ngaol casta atá eatarthu. Mar sin de, beidh cosaint sonraí pearsanta sna réimsí sin scoilte i gcónaí siocair go bhfuil rialacha leithleacha Eorpacha ann seachas rialacha náisiúnta.

Ar an tríú dul síos, is oth le Poblacht na Seice go bhforchuirtear ualaigh dhíreacha ar údaráis inniúla le ceanglais áirithe. Rialaítear gníomhaíocht iomlán fhorfheidhmithe an dlí leis an dlí agus déanann na breithiúna maoirseacht rialta air sin nó ar a laghad, féadfaidh siad maoirseacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht sin. Sna cúinsí sin, ní léir an bhfuil breisluach ag gabháil leis an oibleagáid nua oifigigh chosanta sonraí a ainmniú.

Mar fhocal scoir, measann Poblacht na Seice go bhfuil an tréimhse chur chun feidhme róghairid, ós rud é go gcaithfear leasú suntasach a dhéanamh i gcás dlíthe áirithe. Thairis sin, caithfidh reachtóir náisiúnta coinbhleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí eile Eorpach maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla nó maidir leis an gcomhar póilíneachta - rud nár thug an Coimisiún aghaidh air - a chur san áireamh.